# Súil Siar B

1. Ghlaoigh an príomhoide ar fhear an phoist ar maidin.
2. Dhún an leabharlannaí an doras ar a dó a chlog.
3. Ní fhaca na páistí Gordó ina luí faoin mblord.
4. Thiomáin an rúnaí síos an bother ar a cúig a chlog.
5. D'fhág an cigire an carbhat ar an ngeata inné.
6. Shroich an siopadóir an leabharlann ar a naoi a chlog.
7. Thóg an cúntóir ranga an cóipleabhar as an mála.
8. D'fhéach an feighlí ar an gcluiche peile sa pháirc.

# B: Líon na bearnaí.

1. 'Is maith liom subh,' arsa Séimí.
2. Bhí mála nua ag Brian. Bhí mála nua <u>aige.</u>
3. 'An bhfuil eagla <u>ort?</u>, arsa Eimear le Colm.
4. Tá geansaí ar Neasa. Tá geansaí <u>uirthi.</u>
5. 'Tá peann nua ag teastáil <u>uaim,'</u> arsa Cáit.
6. Thug an dochtúir buidéal leighis <u>dó.</u>

# C: Scríobh an scéal.

Breithlá Mamaí a bhí ann. Chuaigh Daidí agus na páistí go dtí an t-ionad siopadóireacht. D'fhan Mamaí agus Séimí sa bhaile. Thosaigh na páistí ag siopadóireacht. Cheannaigh Daidí ceamara do Mhamaí. Bhí leabhar nua ag teastáil ó Mhamaí freisin. Cheannaigh Rossa an leabhar do Mhamaí. Thug sé fiche euro don siopadóir. Thug an siopadóir sóinseáil de chúig euro do Rossa. Ansin cheannaigh Neasa bláthanna deasa sa siopa bláthanna. Ar a trí a chlog, shuigh an chlann síos sa chaife. D'ól said líomanáid agus d'ith said bonnóga. Tar éis tamaill, chuaigh said go dtí an siopa cácaí. Cheannaigh Clíona cáca milis do Mhamai. Nuair a chuaigh said abhaile, thug said na bronntanais do Mhamaí. Chan said 'Lá breithe sona duit' agus bhí áthas ar Mhamaí.